Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Eanáir 2023
(OR. en)

15670/22
PV CONS 76
TRANS 773
TELECOM 515
ENER 661

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(**Iompar**, **Teileachumarsáid** agus Fuinneamh)

5 agus 6 Nollaig 2022

## CLÁR

**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre ... 4

2. Formheas na míreanna 'A' ... 4
Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha

IOMPAR

**Plé reachtach**

3. Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (TEN-T) ... 5

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

4. Conclúidí maidir le forbairt reatha an iompair ar uiscebhealaí intíre (NAIADES III) ... 5

**Aon ghnó eile**

5. (a) Inbhuanaitheacht agus cothroime na hearnála eitlíochta a neartú ... 5
(b) Caidreamh iompair leis an Úcráin ... 6
(c) Treochtaí sábháilteachta ar bhóithre agus iarrachtaí treisithe chun spriocanna sábháilteachta ar bhóithre a bhaint amach ... 6
(d) An tSoghluaisteacht Nasctha Chomhoibritheach Uathoibrithe Cruinniú de Ghrúpa Ionadaíochta na Stát (Prág, an 29 Samhain 2022): Toradh ... 6
(e) Tograí reachtacha reatha ... 6
i) Rialacháin maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair 2 +
ii) An Cinneadh maidir le ceanglais fritháirimh CORSIA
iii) Rialachán maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (an tionscnamh 'ReFuelEU Aviation')
iv) An Rialachán maidir le bonneagar a chur ar fáil le haghaidh breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE
v) Athbhreithniú ar an Treoir maidir leis an gcreat chun Córais Iompair Chliste a úsáid (ITS)
vi) An Rialachán maidir le breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar (an Tionscnamh 'FuelEU Maritime')
vii) An Treoir lena leasaítear Treoir 2003/25/CE lena dtugtar isteach ceanglais shonracha chobhsaíochta le haghaidh longa paisinéirí róró
(f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta ... 7

TEILEACHUMARSÁID

**Plé reachtach**


6. An Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais .................................................. 8

7. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí .................................................. 8

8. Rialachán i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (An Gníomh um Shonraí) .................................................. 8

9. Rialachán maidir le ceanglais chothrománacha cibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 .................................................. 8


**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**


10. Scileanna digiteacha le haghaidh na Deacáide Digití .................................................. 9


**Aon ghnó eile**


11. (a) Tacaíocht teileachumarsáide don Úcráin .................................................. 9
(b) Tograí reachtacha reatha .................................................. 9
Rialachán a bhaineann le hurraim don saol príobháideach agus le cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach (Rialachán maidir le ríomh-Phríobháideachas)
(c) Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití .................................................. 9
(d) Tionscnaimh idirnáisiúnta sa réimse digiteach (ag díriú ar TTC agus comhpháirtíochtaí digiteacha): Staid na himeartha .................................................. 9
(e) Cruinniú Ardleibhéil saineolaithe maidir le rialacha an Aontais sa timpeallacht dhigiteach a rialú agus a fhorfheidhmiú (fíorúil, an 17 Deireadh Fómhair 2022) .................................................. 9
(f) Comhdháil maidir le Todhchaí Dhigiteach Shlán agus Nuálach an Aontais (Prág, an 3 agus an 4 Samhain 2022) .................................................. 10
(g) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta .................................................. 10

IARSCRÍBHINN — Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle .................................................. 11


***

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 5 NOLLAIG 2022**

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15323/22.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta gníomhaíochtaí neamhreachtacha** 15463/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 15463/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

**Gníomhartha Tarmligthe nó Gníomhartha Cur Chun Feidhme**

**An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht**

| | | |
|---|---|---|
| 11. | Treoir Tharmligthe (AE).../... ón gCoimisiún an 5.10.2022 lena leasaítear Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an Aontais Eorpaigh an 21 Feabhra 2022<br>*Gníomh tarmligthe — Rún gan agóid a dhéanamh* a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 30.11.2022 | 15135/22<br>13374/22<br>**+ COR 1 (cs)**<br>+ ADD 1<br>MI |

IOMPAR

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Cothrománach**

3. **Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (TEN-T)** ❶C 15058/22 + ADD 1-3 + ADD 4 REV 1 + ADD 5 REV 1 + ADD 6-19 **+ ADD 20 REV 1** + ADD 21-47
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú i ndáil le Cur Chuige Ginearálta maidir leis an togra le haghaidh Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt (TEN-T) mar a leagtar amach in 15058/22 agus ina aguisíní é.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**Iompar Uiscebhealaí Intíre**

4. **Conclúidí maidir le forbairt reatha an iompair ar uiscebhealaí intíre (NAIADES III)** 2 14847/22
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí a leagtar amach in 14847/22.

**Aon ghnó eile**

5. (a) **Inbhuanaitheacht agus cothroime na hearnála eitlíochta a neartú** 2 15380/22
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Fraince, na Beilge, Lucsamburg, na hÍsiltíre agus na Portaingéile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Fraince, na Beilge, Lucsamburg, na hÍsiltíre agus na Portaingéile ar fáil.

**b) Caidreamh iompair leis an Úcráin** — 15587/22 + **COR 1**
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

**(c) Treochtaí sábháilteachta ar bhóithre agus iarrachtaí treisithe chun spriocanna sábháilteachta ar bhóithre a bhaint amach** — 15078/22
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(d) An tSoghluaisteacht Nasctha Chomhoibritheach Uathoibrithe Cruinniú de Ghrúpa Ionadaíochta na Stát (Prág, an 29 Samhain 2022): Toradh** — 15488/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil

**(e) Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(i) Rialacháin maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair 2 +** — 10840/20 + ADD 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil. Thíolaic toscaireachtaí na hÉireann, na Fionlainne agus Mhálta ráiteas i scríbhinn atá san áireamh in 16231/22.

**(ii) An Cinneadh maidir le ceanglais fritháirimh CORSIA** — 10869/21 + COR 1

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

| | | |
|---|---|---|
| **(iii)** | **Rialachán maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (an tionscnamh 'ReFuelEU Aviation')** | 10884/1/21 REV 1 **+ REV 2 (da)** 10884/21 + ADD 1 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

| | | |
|---|---|---|
| **(iv)** | **An Rialachán maidir le bonneagar a chur ar fáil le haghaidh breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE** | 10877/21 + ADD 1 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

| | | |
|---|---|---|
| **(v)** | **Athbhreithniú ar an Treoir maidir leis an gcreat chun Córais Iompair Chliste a úsáid (ITS)** | 15114/21 + ADD 1 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

| | | |
|---|---|---|
| **(vi)** | **An Rialachán maidir le breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar (an Tionscnamh 'FuelEU Maritime')** | 10327/21 + ADD 1 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

| | | |
|---|---|---|
| **(vii)** | **An Treoir lena leasaítear Treoir 2003/25/CE lena dtugtar isteach ceanglais shonracha chobhsaíochta le haghaidh longa paisinéirí róró** | 6405/22 + ADD 1 |

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Sualainne*

**CRUINNIÚ DÉ MÁIRT, AN 6 NOLLAIG 2022**

TEILEACHUMARSÁID

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

6. **An Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais** — 14954/22 + ADD 1
*Cur chuige ginearálta*

D'fhormheas an Chomhairle d'aon toil cur chuige ginearálta mar a leagtar amach in 14954/22.

7. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí** — 14959/22 + ADD 1-2
*Cur chuige ginearálta*

D'fhormheas an Chomhairle d'aon toil cur chuige ginearálta mar a leagtar amach in 14959/22.

8. **Rialachán i ndáil le rialacha comhchuibhithe maidir le rochtain chothrom ar shonraí agus maidir le húsáid chothrom sonraí (An Gníomh um Shonraí)** — 15213/22
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

9. **Rialachán maidir le ceanglais chothrománacha cibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020** — 14477/22
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

**10. Scileanna digiteacha le haghaidh na Deacáide Digití**[1] ⧉2 14868/22
*Díospóireacht bheartais*

Bhí malartú tuairimí ag <u>an gComhairle</u> bunaithe ar phléspháipéar a chuir an Uachtaránacht ar fáil. Chuir na hairí i dtreis a thábhachtaí atá cláir foghlama ar feadh an tsaoil maidir le scileanna digiteacha, agus chuir siad i bhfios go láidir an gá atá leis an mbearna inscne a dhúnadh agus le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí. Léiríodh sna rannchuidithe an tábhacht a bhaineann le faisnéis a chomhroinnt faoi ghníomhaíochtaí atá dírithe ar an bpobal oibre a uas-sciliú agus dlús a chur le líon na speisialtóirí TFC.

11. (a) Tacaíocht teileachumarsáide don Úcráin[1]
*Faisnéis ón gCoimisiún*

**(b) Tograí reachtacha reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Rialachán a bhaineann le hurraim don saol príobháideach agus le cosaint sonraí pearsanta i gcumarsáid leictreonach (Rialachán maidir le ríomh-Phríobháideachas)** ❶C 5358/17 + **<u>REV 1 (pt)</u>**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire staid na himeartha sa chaibidlíocht maidir leis an gcomhad seo.

**(c) Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití** ⧉2
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire staid na himeartha sa chaibidlíocht maidir leis an gcomhad seo.

(d) Tionscnaimh idirnáisiúnta sa réimse digiteach (ag díriú ar TTC agus comhpháirtíochtaí digiteacha): Staid na himeartha
*Faisnéis ón gCoimisiún*

(e) Cruinniú Ardleibhéil saineolaithe maidir le rialacha an Aontais sa timpeallacht dhigiteach a rialú agus a fhorfheidhmiú (fíorúil, an 17 Deireadh Fómhair 2022) 15172/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

---

[1] I láthair Valeriya Ionan, Leas-Aire na hÚcráine um Lánpháirtiú san Aontas Eorpach.

(f) Comhdháil maidir le Todhchaí Dhigiteach Shlán agus Nuálach an Aontais
(Prág, an 3-4 Samhain 2022)
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

(g) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Sualainne*

---

❶ An chéad léamh

2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 15323/22**

**Aguisín 'B' mír 6:** **An Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga) agus lena leasaítear gníomhartha áirithe reachtacha de chuid an Aontais**
*Cur chuige ginearálta*

## RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN

'Tacaíonn an Ghearmáin leis an téacs a thíolaic an Uachtaránacht chun an cur chuige ginearálta a bhaint amach sa Chomhairle Teileachumarsáide an 6 Nollaig 2022.

Mar sin féin, feictear don Ghearmáin go bhfuil gá le feabhsuithe ar ghnéithe áirithe, agus tagraíonn sí, i ndáil leis sin, dá barúlacha i scríbhinn an 8 Samhain 2022.

Ag féachaint don chaibidlíocht idirinstitiúideacha a dhéanfar go luath leis an gCoimisiún Eorpach agus le Parlaimint na hEorpa, tá súil againn go ndéanfar na gnéithe sin a bhreithniú go mion agus go cúramach agus go gcuirfear san áireamh sa phlé iad.'

## RÁITEAS ÓN OSTAIR

'De mheon an chomhréitigh fhoriomláin, tacaíonn an Ostair leis an gcur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear gníomhartha reachtacha áirithe de chuid an Aontais.

Le linn na caibidlíochta, bhí sé tábhachtach don Ostair oibriú i dtreo rialáil a dhéanamh ar an intleacht shaorga ar bhealach a dhíríonn ar a húsáid shábháilte agus ar na tairbhí a bhaineann léi do dhaoine. Ní mór gníomh dlí den sórt sin a bheith i gcomhréir le cearta bunúsacha agus cearta an duine agus ní mór dó cuidiú le muinín as an intleacht shaorga a chothú i measc na ndaoine a ndéantar difear dóibh.

Tugtar faoi deara nár thug an cur chuige ginearálta ar thángthas air mar chomhréiteach polaitiúil aghaidh ar phríomhábhair imní na hOstaire maidir le cosaint sonraí agus tomhaltóirí. Baineann na hábhair imní sin go háirithe leis na pointí seo a leanas:

- o An gaol atá idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus córas cosanta sonraí an Aontais atá ann cheana, chomh maith le réimsí eile dlí ina bhfuil forluí ann, níor soiléiríodh é sa téacs, rud a fhágann go bhfuil baol ann go bhféadfaí dochar a dhéanamh don leibhéal cosanta atá ann faoi láthair.
- o Ó thaobh na hOstaire de, ní leor an toirmeasc páirteach ar úsáid cianchóras sainaitheanta bithmhéadraí fíor-ama chun críocha fhorghníomhú an dlí in Airteagal 5. Ba cheart go gcumhdófaí leis an toirmeasc ginearálta na críocha uile agus, mar riail ghinearálta, níor cheart úsáid eisceachtúil a bheith indéanta ach amháin i gcásanna áirithe, atá chun leas an phobail agus comhréireach, agus dianchaighdeáin sábháilteachta á gcoinneáil ag an am céanna.

- Ar an gcaoi chéanna, ba cheart úsáid córas catagóirithe bhithmhéadraigh agus córas aitheanta mothúcháin a thoirmeasc mar riail ghinearálta agus níor cheart go mbeifí in ann iad a úsáid ach amháin in imthosca eisceachtúla faoi réir chomhlíonadh dianchaighdeán slándála. Ní leor oibleagáid trédhearcachta amháin, dá bhforáiltear in Airteagal 52, chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar rioscaí na gcóras sin.
- Ní fhoráiltear leis an gcur chuige ginearálta ach do rannpháirtíocht roghnach na n-údarás náisiúnta maoirseachta um chosaint sonraí i mbunú boscaí gainimh rialála (Airteagal 53 (1c): 'I gcás inarb iomchuí...'). Ó thaobh na hOstaire de, ba cheart rannpháirtíocht údarás maoirseachta um chosaint sonraí i mbunú boscaí gainimh rialála, ina ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil freisin, a bheith éigeantach.
- Níl díolúine na rannpháirtithe i mboscaí gainimh rialála ó ghearradh fíneálacha, dá bhforáiltear in Airteagal 53(3), comhsheasmhach le hAirteagal 83 RGCS, nach ndéantar foráil ann maidir leis an díolúine sin i gcás sáruithe ar chosaint sonraí. A mhéid is gur ordú forfheidhmiúcháin é sin d'údaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí, tá sé contrártha le hAirteagal 52 RGCS ós rud é nach mór d'údaráis mhaoirseachta náisiúnta gníomhú ar shlí a bheidh go hiomlán neamhspleách i gcomhlíonadh a gcúraimí faoi Airteagal 52(1) RGCS agus ní mór dóibh a bheith in ann cinneadh iomlán neamhspleách a dhéanamh maidir le fíneálacha a ghearradh.
- Leis an treoir sa dara habairt d'Airteagal 53(3) d'údaráis mhaoirseachta um chosaint sonraí a bhfuil baint acu le boscaí gainimh rialála 'a gcumhachtaí maoirseachta a fheidhmiú ar bhealach solúbtha' agus 'a gcumhachtaí lánroghnacha [...] a úsáid chun tacú leis an nuálaíocht san intleacht shaorga san Aontas' cuirtear isteach ar neamhspleáchas chinnteoireacht na n-údarás maoirseachta náisiúnta agus, dá bhrí sin, tá sí contrártha le hAirteagal 52 RGCS.
- Foráiltear in Airteagal 54, mír 1, maidir le húdarú iomlán, neamhdhifreáilte agus cothrománach chun aon sonraí pearsanta i mboscaí gainimh rialála a phróiseáil. Tá an fhoráil sin ródhoiléir ó thaobh an dlí um chosaint sonraí de agus ní féidir léi a bheith ina bunús dlí le haghaidh próiseáil sonraí. Maidir leis an duine is ábhar do na sonraí, ní fhoráiltear ar bhealach ar bith d'athúsáid sonraí pearsanta, arna mbailiú chun críche sonraí, chun críocha nach bhfuil baint shubstainteach ná fhoirmiúil acu le cuspóir an bhailithe. A mhéid a bheartaítear gur cineál athúsáide í an fhoráil atá 'comhoiriúnach' de réir bhrí Airteagal 6(4) RGCS, ba cheart a thabhairt faoi deara nach beart riachtanach agus comhréireach é Airteagal 54(1) i sochaí dhaonlathach chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de bhun Airteagal 6(4) RGCS a choimirciú. Thairis sin, ní dhéantar idirdhealú san fhoráil idir catagóirí speisialta sonraí pearsanta de bhun Airteagal 9(1) RGCS agus sonraí pearsanta eile. Dar leis an Ostair, níl sé incheadaithe catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhonn Airteagal 6(4) RGCS agus tá sí bunoscionn leis an measúnú riosca is bun le RGCS.
- Thairis sin, déantar neamhaird iomlán le hAirteagal 54(1) ar phrionsabal cosanta sonraí an íoslaghdaithe sonraí de bhun Airteagal 5(1)(c) RGCS, toisc nach bhfuil teorainn ar bith leis an raon feidhme ná leis na catagóirí sonraí pearsanta a d'fhéadfaí a phróiseáil i mboscaí gainimh rialála. Le linn na caibidlíochta, mhol an Ostair, mar rogha mhalartach, go gcuirfí isteach clásal tosaigh d'údaruithe maidir le próiseáil sonraí a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí na gnáthfhoinsí sonraí agus na gnáthchatagóirí sonraí a shainaithint agus, dá bhrí sin, intuarthacht agus comhréireacht na próiseála sonraí a áirithiú.

- o Murab ionann agus Airteagal 5(1)(e) RGCS, ní dhéantar foráil sa togra maidir le huastréimhse choinneála do shonraí pearsanta i mboscaí gainimh rialála. Thairis sin, ós rud é gur féidir boscaí gainimh rialála a bhunú ar feadh tréimhse éiginnte, tá na sonraí pearsanta atá iontu inrochtana go buan agus is féidir iad a phróiseáil go buan ar feadh tréimhse neamhtheoranta.
- o De ghnáth, ní chuirtear in iúl do dhaoine a ndéanann cinntí atá bunaithe ar chórais intleachta saorga (e.g. rátálacha creidmheasa) difear dóibh go ndearnadh an cinneadh agus úsáid á baint as an intleacht shaorga, ná ní chuirtear faisnéis ar fáil dóibh faoi bhonn agus faoi pharaiméadair an chinnidh. Ar mhaithe le trédhearcacht agus deimhneacht dhlíthiúil, agus chun intleacht shaorga iontaofa a chur chun cinn, ba cheart, dá bhrí sin, faisnéis éigeantach a bheith ag gabháil le haon chinneadh a dhéantar ar bhonn na hintleachta saorga faoi ról na hintleachta saorga sa phróiseas cinnteoireachta, faoin gcaoi a n-oibríonn sé, faoi na paraiméadair a chuirtear i bhfeidhm agus faoi na sonraí ionchuir a próiseáladh. Tá an fhaisnéis sin riachtanach dóibh siúd a ndéantar difear dóibh chun go mbeidh siad in ann an cinneadh a thuiscint agus, más gá, agóidí a dhéanamh ina choinne. Tá togra dréachtaithe sonrach tíolactha ag an Ostair i ndáil leis sin.
- o Le hAirteagal 7(1)(a), tugtar de chumhacht don Choimisiún Eorpach Iarscríbhinn III a leasú más gá, ar choinníoll go dtagann córais intleachta saorga faoi Iarscríbhinn III, pointí 1-8. Cumhdaítear roinnt feidhmchlár atá ábhartha don tomhaltóir, amhail táirgí nasctha nó cúntóirí fíorúla, le hIarscríbhinn II, ach ní chumhdaítear iad le hIarscríbhinn III. Má chinneann an Coimisiún Eorpach go dtugann a n-éifeachtaí dlíthiúla nó inchomparáide údar lena gcur ar liosta na gcóras ardriosca i gcomhréir le hIarscríbhinn III, ní thiocfadh siad faoi phointí 1 go 8 d'Iarscríbhinn III agus dá bhrí sin ní fhéadfaí iad a chur san áireamh. Dá bhrí sin, mhol an Ostair pointe breise a chur isteach in Iarscríbhinn III leis an bhfoclaíocht seo a leanas: 'Úsáid ag grúpaí leochaileacha nó i gcásanna a thugann le tuiscint leochaileacht i leith rioscaí maidir le cearta bunúsacha'. Murach sin, ní bheadh an Coimisiún Eorpach in ann táirgí tomhaltais ardriosca a chur le hIarscríbhinn III dá mba ghá.
- o Tá forfheidhmiú riachtanach chun go n-oibreoidh an dlí substainteach go praiticiúil. Glacadh Treoir (AE) 2020/1828 maidir le caingne ionadaíocha chun bearnaí forfheidhmiúcháin do thomhaltóirí a laghdú. Sa togra le haghaidh Gníomh Sonraí (COM(2022) 68) agus sa togra le haghaidh Treoir maidir le Dliteanas IS (COM(2022) 496), déantar foráil maidir lena n-áireamh san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2020/1828. Tá sé dothuigthe nár áiríodh an togra le haghaidh Gníomh um an Intleacht Shaorga san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir (AE) 2020/1828 go fóill.

Dar linne gur cheart leas a bhaint as an gcaibidlíocht atá ar na bacáin ag an gcruinniú tríthaobhach chun na hábhair imní maidir le cosaint sonraí agus cearta tomhaltóirí atá curtha in iúl againn cheana sa chaibidlíocht a shainaithint nó a chumhdach i dtéacs na Treorach, chun an gníomh dlí a athrú i dtreo a bheadh comhsheasmhach le cearta bunúsacha agus cosaint sonraí agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní thábhachtacha tomhaltóirí.

Guíonn an Ostair gach rath ar na hUachtaránachtaí a bheidh ann amach anseo don chaibidlíocht thrípháirteach.'

**Aguisín 'B' mír 7:** **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí**
*Cur chuige ginearálta*

## RÁITEAS ÓN DANMHAIRG

'Tacaíonn an Danmhairg le sprioc fhoriomlán an Rialacháin chun a áirithiú go mbeidh céannachtaí digiteacha comhchuibhithe, slán agus iontaofa ar fáil do gach Eorpach. Ina theannta sin, táimid i bhfabhar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a fhorbairt. I ndáil leis an méid sin, is mór againn an obair shuntasach a rinneadh ar an gcomhad seo agus is féidir linn tacú leis an téacs de mheon an chomhréitigh.

Mar sin féin, is cúis aiféala dúinn go gcoimeádtar sa Rialachán an ceanglas nach mór do Thiachóga uile na Céannachta Digití Eorpaí na ceanglais ar fad a leagtar amach leis an leibhéal dearbhaithe 'ard' a chomhlíonadh. Táimid den tuairim nach bhfuil an ceanglas sin comhréireach le formhór na gcásanna úsáide le haghaidh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus is ábhar imní dúinn nach mbeidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil láithreach do shaoránaigh mar gheall ar cheanglais amhail crua-earraí slána seachtracha a úsáid, a bheith ag brath ar fhón cliste nua agus costasach, chomh maith le próisis a bhfuil ualach trom ag baint leo chun na Tiachóga a ionduchtú agus a úsáid ina dhiaidh sin.

Dar linne, dá dtabharfaí cead do na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint faoin leibhéal dearbhaithe 'suntasach', d'éascófaí glacadh na dtiachóg agus an úsáid a bhainfí astu, agus chuirfí an leibhéal dearbhaithe is gá ar fáil ag an am céanna d'fhormhór na gcásanna.

Chomh maith leis sin, is mór againn gur díolmhaíodh na micrifhiontair agus na fiontair bheaga ón oibleagáid glacadh le húsáid Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, mar sin féin, measaimid fós go bhféadfadh go gcuirfí, leis an Rialachán mar atá faoi láthair, iallach ar a lán soláthraithe seirbhíse tacaíocht tiachóige a chur chun feidhme le haghaidh a seirbhísí, gan comhréireacht nó ábharthacht na Tiachóige, nó an t-éileamh uirthi, a chur san áireamh sna seirbhísí áirithe seo.'

## RÁITEAS ÓN OSTAIR

'Tacaíonn an Ostair le cuspóir foriomlán an rialacháin chun creat iontaofa a chruthú lena gcuirfear ar chumas shaoránaigh uile an Aontais ríomh-shainaitheantas a úsáid ar bhealach slán agus lena dtabharfar isteach Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí.

Leis na leasuithe is déanaí ar an téacs, féachtar le deimhniú na modhanna ríomh-shainaitheantais a chomhchuibhiú chun scéim Ghníomh um Chibearshlándáil a shainordú i leith Thiachóg na Céannachta Digití Eorpaí agus le fógra a thabhairt i leith modhanna ríomh-shainaitheantais, faoi seach. Cé gur sprioc inmhianaithe é deimhniú comhchuibhithe cibearshlándála faoi (AE) 2019/881 sa mheántéarma, níl aon scéimeanna ar fáil go héasca faoin nGníomh um Chibearshlándála lena gcumhdaítear go cuimsitheach Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí nó na scéimeanna ríomh-shainaitheantais a bhfuil fógra le tabhairt ina leith.

Mar a luaigh an Ostair cheana féin, níl sé réalaíoch scéimeanna mar sin a bheith ar fáil laistigh de na tréimhsí ama atá tugtha do na Ballstáit faoi láthair chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le fógra a thabhairt i leith modhanna ríomh-shainaitheanatais agus chun Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint. D'fhéadfadh cuid mhór fadhbanna a bheith ag go leor Ballstát maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme go tráthúil mar gheall ar an staid sin.

Maítear sa téacs gur réiteach eatramhach é scéim EUCC (critéir choiteanna atá bunaithe ar an scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála). Tabhair faoi deara, áfach, go bhfuil EUCC teoranta do dheimhniú táirgí TFC (féach Airteagal 1 EUCC; Cuid 1, roinn 2 ISO IEC 15480, faoi seach), ach gur féidir meascán de tháirgí nó de sheirbhísí a bheith i gceist le modhanna Thiachóg na Céannacht Digití Eorpaí agus ríomh-shainaitheantais ag brath ar na roghanna cur chun feidhme, mar sin, ní bheidh an Gníomh um Chibearshlándála infheidhme.

Measaimid gur gá réiteach comhthreomhar eile lena gceadaítear deimhniú na Tiachóige i ngach foirm is féidir, ach lena gcloítear leis an sprioc a bhaineann lena bheith cóineasaithe leis an nGníomh um Chibearshlándála, i gcás inarb infheidhme. Mhol an Ostair réiteach mar sin cheana féin, trí fhoráil a dhéanamh do mheasúnaithe comhréireachta arna ndéanamh ag comhlachtaí creidiúnaithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 fad atá na scéimeanna cibearshlándála iomchuí in easnamh.

Bhí dlúthbhaint ag an Ostair leis an gcaibidlíocht agus tá sé ar intinn aici a bheith ina comhpháirtí cuiditheach i gcónaí. Ar an gcúis sin, is féidir leis an Ostair an téacs atá ann faoi láthair a chomhaontú mar chomhréiteach. Mar sin féin, tá súil againn go dtiocfar ar réiteach praiticiúil idirthréimhseach maidir le ceist an deimhniúcháin le linn na caibidlíochta tríthaobhaí.'